



An Roinn Gnóthaí Fostaíochta  
agus Coimirce Sóisialaí  
Department of Employment Affairs  
and Social Protection

## **Fógraíonn an tAire Doherty go gcuirfear tús le Bille Fostaíochta Úrnua i dTús Mhí Mhárta 2019**

**Arna achtú, cuirfidh an leasú seo feabhas suntasach ar shlándáil agus intuarthacht uaireanta oibre d'oibrithe ar chonarthaí neamhdhaingine.**

**Fógraíonn an tAire chomh maith go gcuirfidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre feachtas feasachta poiblí ar bun roimh thosú.**

**Dé Céadaoin, 12 Nollaig 2018:** D'fhógair an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Regina Doherty T.D., inniu go gcuirfear tús leis an mBille Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) – a chur críoch lena Tuarascáil agus Céimeanna Deiridh inniu sa Seanad – sa chéad seachtain de Mhárta 2019 arna achtú. Tá sé mar aidhm ag an mBille dul i nleic leis na dúshláin a eascraíonn as an ócáidíú breise atá á dhéanamh ar an obair agus an rialú fostaíochta fhorbhásach a neartú.

Thug an tAire Doherty chun suntais gur ceann de na píosaí reachtaíochta fostaíochta is suntasaí le glúin anuas atá sa Bhille seo, agus dúirt sí go bhfuil sí fonnmhar é a achtú chomh luath agus is féidir, agus cuirfidh sí an Bille i gcrích os comhair na Dála an Mháirt seo chugainn sula gcuirfear ar aghaidh láithreach ina dhiaidh sin é le haghaidh síniú an Uachtaráin.

Ag labhairt faoi thábhacht an Bhille, dúirt an tAire Doherty:

***“Is cúis mhór áthais dom an stáitse seo a bhaint amach do cheann de na hathruithe is suntasaí i leith coinníollacha oibre le glúin anuas agus, thar aon rud eile, a bheith tar éis reachtaíocht a thabhairt isteach a chuirfidh feabhas suntasach ar shlándáil agus intuarthacht uaireanta oibre d'oibrithe ar chonarthaí neamhdhaingine agus iad siúd a bhfuil uaireanta oibre athraitheacha acu. Is athraitheach an saol atá inniu ann, agus is ríthábhachtach go bhfreagraíonn na cosaintí dlíthiúla atá ann le haghaidh oibrithe uile***

**do na coinníollacha oibre ina n-oibríonn lucht saothair na linne seo agus go ndéanfaidh siad difríocht cheart i saolta na mílte oibrithe.**

**“Tá an Bille seo fréamhaithe i bpróiseas comhairliúcháin fhairsing le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec) agus Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) thar roinnt míonna, chomh maith le taighde cuimsitheach. Dá thoradh sin, measaim go bhfuil sé cothrom agus cóir d’fhostaithe agus fostaitheoirí araon agus go n-oibreoidh sé i gcleachtas gan aon dabht.”**

Is iad seo a leanas príomhfhorálacha an Bhille:

- Ní mór d’fhostóirí bunthearmaí fostaíochta a thabhairt d’fhostaithe laistigh de chúig lá;
- Toirmisctear leis an mbille conarthaí uaireanta nialais ach amháin i gcás fíor-fhostaíochta ócáideach agus i gcás go bhfuil siad riachtanach chun fostaíochta a chheadú cumhdach a chur ar fáil i staid éigeandála nó chun asláithreacht ghearrthréimhseach a chumhdach.
- Íos-íocaíocht nua le haghaidh fostaithe a ghlaitear isteach chun na hoibre ach a chuirtear abhaile arís gan obair a dhéanamh;
- Forálacha Uaireanta Bandáilte: ceart nua d’fhostaithe nach léiríonn a gconradh fostaíochta na huaireanta a oibríonn siad go rialta ina mbeidh fostaithe i dteideal a n-uaireanta a chur i mbanda uaireanta a thugann léiriú níos fearr ar na huaireanta a d’oibrigh siad thar tréimhse thagartha 12 mhí;
- Fóralacha láidre frith-phionósaithe: Cuireann an Bille seo forálacha frith-phionósaithe láidre i bhfeidhm d’fhostaithe chun a gcearta a agairt faoin reachtaíocht seo.

D’fhógair an tAire chomh maith inniu go mbeadh feachtas feasachta poiblí gairid á eagrú aici faoi stiúir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) roimh thosú chun cabhrú le fostaithe agus iad a chur ar an eolas i dtaobh cé a bhainfidh tairbhe as an reachtaíocht seo, agus ag cur fostaitheoirí ar an eolas maidir lena forálacha.

## **CRÍOCH**

Sonraí Teagmhála na Preasoifige

R: [press.office@welfare.ie](mailto:press.office@welfare.ie)

T: 01 704 3082

Twitter: @welfare\_ie